Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13542/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0358 (NLE)**

**ACP 107**
**FIN 867**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, a mhéid a bhaineann le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE maidir le bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasú |

**CINNEADH (AE) 2021/...ÓN gCOMHAIRLE**

**an...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh,**
**i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE,**
**a mhéid a bhaineann le Cinneadh Uimh. 3/2019**
**ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE maidir le bearta idirthréimhseacha a ghlacadh**
**de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin , de pháirt, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[1] ('Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE'), síníodh é in Cotonou an 23 Meitheamh 2000 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreáin 2003. I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE[2] ('an cinneadh maidir le bearta idirthréimhseacha'), tá feidhm le bheith ag an gcomhaontú go dtí an 30 Samhain 2021.

(2) De bhun Airteagal 95(4), an chéad fhomhír, den Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht i dtreo Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE nua ('an Comhaontú nua') i mí Mheán Fómhair 2018. Ní bheidh an Comhaontú nua réidh le cur i bhfeidhm faoin 30 Samhain 2021, dáta éaga an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, is gá an Cinneadh maidir le bearta idirthréimhseacha a leasú d'fhonn síneadh breise a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE.

(3) Foráiltear le hAirteagal 95(4), an dara fomhír, de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE go nglacfaidh Comhairle na nAirí ACC-AE aon bhearta idirthréimhseacha a bhféadfadh gá a bheith leo go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú nua i bhfeidhm.

---

1 IO L 317, 15.12.2000, lch. 3. Rinneadh an Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasú leis an gComhaontú a síníodh i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005 (IO L 209, 11.8.2005, lch. 27) agus leis an gComhaontú a síníodh in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 (IO L 287, 4.11.2010, lch. 3).

2 Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE an 17 Nollaig 2019 maidir le bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC- AE (IO L 1, 3.1.2020, lch. 3).

(4) De bhun Airteagal 15(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, an 23 Bealtaine 2019, tharmlig Comhairle Airí ACC-AE na cumhachtaí chun na bearta idirthréimhseacha a ghlacadh chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE[1]. Is faoi Choiste Ambasadóirí ACC-AE atá sé, dá bhrí sin, na bearta idirthréimhseacha a leasú de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE a bhunú, ós rud é go mbeidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas.

(6) Leanfar d'fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a chur i bhfeidhm chun leanúnachas a choimeád ar bun sa chaidreamh idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Stáit ACC, ar an taobh eile. Dá réir sin, ní hé is aidhm do na bearta idirthréimhseacha leasaithe a bheith ina leasuithe ar Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE faoi dá bhforáiltear dóibh in Airteagal 95(3) de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh Uimh. 1/2019 ó Chomhairle Airí ACC-AE an 23 Bealtaine 2019 maidir le tarmligean cumhachtaí chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE i dtaca leis an gcinneadh bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (IO L 146, 5.6.2019, lch. 114).

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Ambasadóirí ACC-AE, de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun síneadh a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE go dtí an 30 Meitheamh 2022, nó go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú nua i bhfeidhm nó go dtí go ndéanfar an Comhaontú nua idir an tAontas agus Stáit ACC a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, cibé acu is túisce.

Cuirfear forálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE i bhfeidhm i gcomhréir le cuspóir agus aidhm Airteagal 95(4) de.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa....,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*